Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2020**
**(OR. en)**

**9251/20**

**FIN 419**
**FSTR 122**
**REGIO 160**
**CULT 33**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 29 Meitheamh 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8838/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 8/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: EU investments in cultural sites: a topic that deserves more focus and coordination [Ba cheart infheistíochtaí an Aontais i láithreáin chultúrtha a bheith níos dírithe agus níos comhordaithe]<br>– Conclúidí ón gComhairle (29 Meitheamh 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta 08/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *EU investments in cultural sites: a topic that deserves more focus and coordination* [Ba cheart infheistíochtaí an Aontais i láithreáin chultúrtha a bheith níos dírithe agus níos comhordaithe], a d'fhormheas Comhairle an Aontais Eorpaigh trí nós imeachta i scríbhinn an 29 Meitheamh 2020.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**-Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 8/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:**
***EU investments in cultural sites: a topic that deserves more focus and coordination* [Ba cheart infheistíochtaí an Aontais i láithreáin chultúrtha a bheith níos dírithe agus níos comhordaithe]**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 8/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear "an Chúirt" feasta) agus barúlacha an Choimisiúin ar an Tuarascáil.

(2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur scrúdaíodh san iniúchadh ón gCúirt a ndéantar cur síos air sa Tuarascáil cistí agus ionstraimí éagsúla an Aontais a dhéanann infheistíocht sa chultúr, agus díríodh san iniúchadh ar éifeachtacht agus inbhuanaitheacht infheistíochtaí an Aontais i láithreáin chultúrtha, arna gcistiú faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus gur cumhdaíodh ann clárthréimhsí 2007-2013 agus 2014-2020 chomh maith le dréachtcheapadh na clárthréimhse iar-2020.

(3) TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhthorthaí na Tuarascála, go háirithe an méid seo a leanas:

- Tá an creat straitéiseach do ghníomhaíocht chultúrtha an Aontais casta agus tá sin léirithe i bpáirt i gcistiú an Aontais;

- Tá roinnt tionscnamh forbartha ag an gCoimisiún lena bhféadfaí láithreáin chultúrtha a chur chun cinn ach tá comhordú le socruithe cistiúcháin an Aontais teoranta fós;

- Is ionstraim thábhachtach struchtúraithe é CFRE d'infheistíochtaí roinnt Ballstát i láithreáin chultúrtha cé nach dtugtar tosaíocht do na hinfheistíochtaí sin le haghaidh CFRE arb é is príomhchuspóir dó comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a atreisiú;

- Le hinfheistíochtaí CFRE i láithreáin chultúrtha, díríodh den chuid is mó ar chuspóirí eacnamaíocha agus, go pointe áirithe, ar chuspóirí sóisialta agus cultúrtha;

- Ba cheart aird níos mó a thabhairt ar inbhuanaitheacht na láithreán cultúrtha ós rud é gur gá an inbhuanaitheacht a áirithiú ag gach céim den tionscadal.

(4) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil an t-aon chiste de chuid an Aontais atá ceaptha don chultúr amháin - clár Eoraip na Cruthaitheachta, teoranta ó thaobh cistiúcháin de, agus is é an phríomhaidhm leis an tacaíocht don chultúr i gcistí eile an Aontais tosaíochtaí agus cuspóirí eile an Aontais a bhaint amach, amhail forbairt uirbeach agus réigiúnach, fiontair agus turasóireacht.

(5) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb é CRFE an fhoinse chistiúcháin ón Aontas is suntasaí le haghaidh infheistíochtaí i láithreáin chultúrtha cé gur ionann an caiteachas ar chultúr agus sciar beag de bhuiséad foriomlán CFRE.

(6) AITHNÍONN SÍ gur gá prionsabail ar ardchaighdeán a chur chun cinn i dtionscadail a bhaineann leis an gcultúr;

(7) MEASANN SÍ go gcuireann an Tuarascáil seo le machnamh an Choimisiúin agus na mBallstát ar an gcaoi le tuilleadh feabhais a chur ar a gcuid oibre maidir le hinfheistíochtaí an Aontais i láithreáin chultúrtha.

(8) TAGANN SÍ ar an mórgóir le tuairimí an Choimisiúin faoi na torthaí agus na moltaí atá sa Tuarascáil ón gCúirt, go háirithe:

- Ba cheart feabhas a chur ar an gcreat straitéiseach reatha don chultúr, lena n-áirítear cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla;

- I gcomhar leis na Ballstáit, ba cheart don Choimisiún féachaint an bhféadfaí maoiniú poiblí agus príobháideach araon a úsáid chun láithreáin oidhreachta na hEorpa a chosaint;

- Ba cheart inbhuanaitheacht na láithreán cultúrtha a chistítear le cistí agus ionstraimí éagsúla an Aontais a chur chun cinn;

- Ba cheart tuilleadh gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh chun láithreáin oidhreachta a chaomhnú agus cláir oibríochtúla ábhartha á gcaibidil.